CHILD SAFEGUARDING STATEMENT COMPLIANCE UNIT

# Comhairliúchán le Daoine Óga maidir leis an tuiscint atá acu ar Ráitis um Chumhdach Leanaí 2023



02/24-CSSCU-REP
V1.0
10/05/2024

## Clár Ábhar


Achoimre ar an Tuarascáil ........ 3

1.0 Réamhrá ........ 9

2.0 Comhthéacs ........ 9

2.1. Ráiteas um Chumhdach Leanaí ........ 9

2.2. Seirbhísí Ábhartha ........ 9

2.3. An Dlí ........ 10

2.4. Rannpháirtíocht Óige ........ 10

3.0 Cuspóir ........ 11

4.0 Modheolaíocht ........ 11

5.0 Torthaí & Anailís ........ 15

5.1. Freagairtí ar cheisteanna 1 go 6 ........ 15

5.2. Freagairtí ar cheist 7. ........ 24

5.3. Torthaí don ACRCL ón gcomhairliúchán. ........ 31

6.0 Príomhtheachtaireachtaí do Sheirbhísí Ábhartha ........ 33

7.0 Focal scoir ........ 34

8.0 Aguisín: Ábhar an tsuirbhé ........ 36


## Achoimre ar an Tuarascáil

Is rannóg é an tAonad um Chomhlíonadh maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí (ACRCL) laistigh de Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Oibríonn sé le heagraíochtaí agus le daoine a chuireann seirbhísí agus gníomhaíochtaí ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga faoi cé chomh tábhachtach is atá sé go mbeidh Ráiteas um Chumhdach Leanaí (RCL)i bhfeidhm acu. Cuireann na daoine seo seirbhísí ábhartha ar fáil, ar nós cúram leanaí, scoileanna, ospidéil, ionaid chóiríochta, saoráidí cúraim, comhairleoireacht, spórt, ceol, drámaíocht, ealaín, clubanna nó cláir óige, iompar, grúpaí reiligiúnacha, nó gníomhaíochtaí a bhaineann leis an nGarda Síochána.


Is éard atá san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ná an reachtaíocht ina bhfuil liosta de Sheirbhísí Ábhartha (Sceideal 1). Déantar cur síos ann ar na gníomhaíochtaí agus na seirbhísí nach mór dóibh, de réir an dlí, Ráiteas um Chumhdach Leanaí a bheith acu chun leanaí agus daoine óga a choimeád sábháilte agus cosaint a thabhairt dóibh nuair atá na seirbhísí á n-úsáid acu. In Alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 cuirtear in iúl do na seirbhísí ábhartha cad ba chóir dóibh a chur i Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Oibríonn ACRCL le seirbhísí ábhartha chun a chinntiú go bhfuil RCL i bhfeidhm acu. Coimeádann ACRCL clár poiblí freisin ina bhfuil liosta de na seirbhísí ábhartha nach bhfuil RCL i bhfeidhm acu.

Sa bhliain 2023, chuir ACRCL tús le tionscadal chun dul i gcomhairle le daoine óga 12 – 18 bliain d’aois chun a fháil amach an bhfuil daoine óga ar an eolas maidir le Ráitis um Chumdach Leanaí. Ba sheans é seo dóibh chun a dtuairimí a chur in iúl faoin méid a bhí ar eolas acu maidir le Ráitis um Chumdach Leanaí i Seirbhísí Ábhartha.

Sa tionscadal seo díríodh ar dhaoine óga agus ar airteagal 12 de Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh. Déantar tagairt ann don cheart atá ag daoine óga a dtuairimí a chur in iúl agus go n-éisteofar leo. Soláthraíonn an Múnla Rannpháirteachais Lundy conair i leith rannpháirteachais do dhaoine óga bunaithe ar chearta ag baint úsáide as na ceithre eilimint seo – spás, guth, lucht éisteacha agus tionchar.




Is ar an Múnla Lundy a bunaíodh an cur chuige a úsáideadh sa chomhairliúchán seo agus na céimeanna a tógadh chun dul i gcomhairle le daoine óga.




D'fhreagair 50 duine óg idir 12 – 18 bliain d'aois ar an suirbhé. Tá baint ag na daoine óga seo le cúig eagraíocht óige ar fud na hÉireann. Cuireadh seacht gceist sa suirbhé, agus sa tuarascáil seo roinntear eolas faoi cad a dúirt daoine óga le ACRCL.

Roinn daoine óga eolas úsáideach agus dúirt siad linn gur mhaith leo tuilleadh a fhoghlaim, go rachfaí i gcomhairle leo, agus go mbeidh baint acu le Ráitis um Chumhdach Leanaí a fhorbairt. Tá tuilleadh eolais againn anois maidir leis an méid atá ar eolas ag daoine óga faoi RCLanna, cad chuige a úsáidtear iad agus rannpháirteachas daoine óga i níos mó ná seirbhís ábhartha amháin.

Níl gach duine óg ar an eolas maidir le Ráitis um Chumhdach Leanaí. Dúirt 62% de na daoine óga a d'fhreagair ar an suirbhé gur chuala siad faoi Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus dúirt 42% go raibh ceann feicthe acu. Is mó duine óg a chuala faoi RCL ná a chonaic ceann.

Chuala roinnt duine óg faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí, ach is léir ó na torthaí, nach labhraítear futhu go rialta san Seirbhísí Ábhartha. Mhol daoine óga go mba chóir *"na ráitis um chumhdach leanaí a phlé seachas úsáid a bhaint astu díreach nuair a bhíonn gá leis"*.

De réir na dtorthaí, d'fhéadfadh sé nach bhfuil a fhios ag 58% de na daoine óga a d'fhreagair ar an suirbhé an chuma atá ar RCL nó conas é a aithint laistigh de sheirbhís. Dúirt duine óg amháin, *"Ní fhaca mé riamh ráiteas um chumhdach leanaí le linn na trí bliana déag agus naoi mí atá caite agam ar domhan. Mar sin, d'fhéidir gur chóir díobh iarracht níos fearr a dhéanamh*". Dúirt an-chuid de na daoine óga linn go mba chóir go mbeadh sé *"ar taispeáint do dhaoine óga".*

Mar sin, dá mbeadh tuilleadh plé faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí agus dá mbeadh siad ar taispeáint san Seirbhísí Ábhartha, chabhródh sé sin le daoine óg dul i dtaithí ar RCL.

Níl a fhios ag 58% de na daoine óga a d'fhreagair ar an suirbhé nó níl siad cinnte cad chuige a úsáidtear Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Tá sé ráite ag daoine óga go mba chóir dúinn *"é a mhíniú go deas simplí ionas go mbeidh daoine óga ábalta é a thuiscint".*

Ní gnáthrud é do dhaoine óga páirt ghníomhach a ghlacadh in athbhreithniú a dhéanamh ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí ná ceann a fhorbairt sna Seirbhísí Ábhartha. Tá sé molta ag daoine óga go mba chóir do sheirbhísí ábhartha, Ráitis um Chumhdach Leanaí a chruthú atá éasca le tuiscint ag baint úsáide as dathanna, pictiúir agus gan an iomarca focal a úsáid. Dúirt duine óg amháin, *"dá gcruthófaí ráitis atá éasca do dhaoine óga iad a léamh agus a thuiscint, bheadh teacht ag níos mó daoine óga orthu. D'fhéadfaí iarraidh ar eagraíochtaí na RCL a fhorbairt, agus iad a athbhreithniú go rialta, in éineacht le daoine óga".*

Mar sin, má thagann méadú ar rannpháirtíocht na ndaoine óga i Ráitis um Chumhdach Leanaí a fhorbairt, agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, is

bealach é sin chun formáidí atá oiriúnach do dhaoine óga a chruthú agus cabhrú leo tuiscint a fháil ar an gcuspóir atá taobh thiar de RCL.

Is gnách go mbíonn baint ag daoine óga i níos mó ná cineál amháin seirbhíse ábhartha. Freastalaíonn an chuid is mó de na daoine óga a d'fhreagair ar an suirbhé ar scoil nó ar ionad oideachais, ar chlub nó café óige agus glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí spóirt nó i gclubanna. Dúirt roinnt díobh go nglacann siad páirt i ngníomhaíochtaí ceoil, drámaíoachta nó damhsa; gníomhaíochtaí nó clubanna óige ar líne; gníomhaíochtaí obair bhaile nó iarscoile; gníomhaíochtaí nó clubanna ealaíne; seirbhísí bus nó iompair; comhairliúcháin um rannpháirtíocht óige; ionad cúraim sláinte nó ospidéal; comhairleoireacht, treoir nó teiripe; campanna gníomhaíochta; gníomhaíochtaí óige leis an nGarda Síochána; agus gníomhaíochtaí reiligiúnacha poiblí. Ní raibh aon cheann de na freagróirí ina gcónaí i saoráid chúraim ná in ionad cónaithe nó cóiríochta.

Is léir, mar sin, go bhfuil mórán áiteanna agus deiseanna inar féidir le daoine óga Ráitis um Chumhdach Leanaí a thabhairt faoi deara i seirbhísí ábhartha de chineálacha éagsúla.
Ba mhaith le ACRCL go mbunófar an chomhairle a thugtar do sheirbhísí ábhartha faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí ar thaithí na ndaoine óga a bhaineann úsáid astu. Roinn na daoine óga ceithre phríomhtheachtaireacht linn maidir leis na seirbhísí ábhartha.

1. Feasacht maidir le Ráiteass um Chumhdach Leanaí a chothú i measc daoine óga.
2. Labhairt le daoine óga faoi Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus an úsáid a bhaintear as.
3. RCL a chur ar taispeáint ar phóstaeir in áiteanna ina bhfuil daoine óga agus trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta.
4. RCL a chruthú le daoine óga i bhformáidí oiriúnach do leanaí ag baint úsaide as teanga atá éasca le tuiscint, dathanna, pictiúir agus gan úsáid a bhaint as an iomarca focal.

É bunaithe ar Mhúnla Lundy um Rannphairtíocht, cruthaíodh spás tríd an suirbhé a chuir ar chumas daoine óga a dtuairimí a roinnt, agus tríd an suirbhé cuireadh guth daoine óga in iúl. Is é ACRCL, de chuid Tusla, an lucht éisteachta a d'éist leis na tuairimí seo. Tá sé mar aidhm ag an tuarascáil agus ag na

príomhtheachtaireachtaí istigh ann, tionchar a imirt ar na heagraíochtaí agus ar na daoine a ritheann seirbhísí agus gníomhaíochtaí do leanaí agus do dhaoine óga maidir le feasacht a ardú, dul i gcomhairle leo, agus daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh in úsáid na Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Is í aidhm an Ráitis um Chumhdach Leanaí ná leanaí agus daoine óga a choimeád sábháilte agus saor ó dhochar nuair atá seirbhísí á n-úsáid acu. Buntáiste a eascraíonn as ardú feasachta i measc na ndaoine óga maidir le Ráitis um Chumhdach Leanaí a fhorbairt agus a úsáid ná go mothaíonn daoine óga saor ó dhochar agus iad ag baint úsáide as seirbhísí. Bunaithe ar an méid a bhí le rá ag daoine óga, nuair a shainaithnítear rioscaí agus nósanna imeachta, cuirtear feabhas ar éifeachtacht agus ar thábhacht na gcleachtas a choimeádann leanaí agus daoine óga sábháilte. Cuireann cultúr láidir cosanta agus cur chuige striánnpháirteachais, leis an muinín atá ag daoine óga agus a dtuismitheoirí sna seirbhísí a úsáideann siad. Bíonn dea-thionchar ag timpeallachtaí sábháilte ar fholláine dhaoine óga agus ar leanaí.

Mar sin, tá sé tábhachtach, mar bheart cosanta, feasacht a ardú i measc daoine óga, dul i gcomhairle leo, agus go mbeidh baint acu le Ráitis um Chumhdach Leanaí sna seirbhísí ábhartha go léir.

## Nótaí Buíochais

Chabhraigh mórán daoine leis an gcomhairliúchán le daoine óga a reáchtáil.

- Na daoine óga a d'fhreagair ar na ceisteanna sa suirbhé.
- Na daoine óga a thug aiseolas dúinn faoin suirbhé píolótach.
- Na heagraíochtaí óige a d'éascaigh an comhairliúchán ar bhonn deonach (Crosscare; Foróige; Ógras; Oifig an Ombudsman do Leanaí; agus YMCA Baile Átha Cliath).
- Comhairle Náisiúnta na nÓg (NYCI) a chuir an tionscadal chun cinn agus a d'eagraigh seisiún eolais d'eagraíochtaí óige.
- Na daoine óga ó TAG (Grúpa Comhairleach Tusla) a thug aiseolas dúinn ar na ceisteanna.
- Baill den ghrúpa comhairleach a thug comhairle dúinn le linn an tionscadail.
- Oifig taighde Tusla a thug treoir dúinn maidir le heitic agus conas an comhairliúchán a fhorbairt ar bhealach a léiríonn meas ar chearta daoine óga.
- Oifigigh Rannpháirteachais agus Comhpháirtíochta a chuidigh linn an tionscadal píolótach a eagrú.
- Rannóg Foghlama agus Forbartha Lucht Saothair Tusla, a chuir oiliúint ar fáil maidir le rannpháirtíocht daoine óg.
- An fhoireann in Aonad Comhlíonta Tusla maidir le Ráitis um Chumhdach Leanaí, agus Michelle Hennessy, Oifigeach Comhlíonta Sinsearach, a d'ullmhaigh an tuarascáil.

## 1.0 Réamhrá

Is rannóg é an tAonad um Chomhlíonadh maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí (ACRCL) laistigh de Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Oibríonn sé le heagraíochtaí agus le daoine a chuireann seirbhísí agus gníomhaíochtaí ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga faoi cé chomh tábhachtach is atá sé go mbeidh Ráiteas um Chumhdach Leanaí (RCL)i bhfeidhm acu.

Sa bhliain 2023, chuir ACRCL tús le tionscadal chun dul i gcomhairle le daoine óga 12-18 bliain d'aois chun a fháil amach an bhfuil daoine óga ar an eolas maidir le Ráitis um Chumdach Leanaí. Ba sheans é seo dóibh chun a dtuairimí a chur in iúl faoin méid a bhí ar eolas acu maidir le Ráitis um Chumdach Leanaí i Seirbhísí Ábhartha.

Sa tionscadal seo, roinnter eolas faoi cad a dúirt daoine óga le ACRCL le linn an chomhairliúcháin. Déantar moltaí ann do sheirbhísí ábhartha faoi feasacht maidir le Ráitis um Chumhdach Leanaí a ardú.

## 2.0 Comhthéacs

### 2.1. Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Is éard is Ráiteas um Chumhdach Leanaí ann (RCL) ná doiciméad curtha le chéile ag daoine a eagraíonn agus a ritheann seirbhísí agus gníomhaíochtaí do leanaí nó do dhaoine óga. Tugtar soláthróirí seirbhísí ábhartha ar na daoine seo freisin.

Insíonn RCL dúinn cad é a dhéanann seirbhís ábhartha. Insíonn sé duit cad é an plean atá ag na daoine a bhainistíonn an seirbhís í a dhéanamh sábháilte agus conas a chosnófar leanaí agus daoine óga ó dhaoine eile sa tseirbhís. Insíonn sé duit na rioscaí atá ann maidir le mí-úsáid chorpartha, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid ghnéis, bulaíocht, faillí nó mí-úsáid ar líne.

Deirtear ann cad a dhéanann an tseirbhís chun cosc a chur ar aon dochar agus conas a chinntítear go bhfaighidh aon leanbh nó duine óg an cúnamh atá uathu má dhéantar dochar dóibh. Tá ainm agus sonraí teagmhála ann den duine ábhartha ar chóir labhairt leis nó léi faoin ráiteas.

### 2.2. Seirbhísí Ábhartha

Is soláthróirí de sheirbhísí ábhartha iad na daoine a eagraíonn agus a ritheann seirbhísí nó gníomhaíochtaí do leanaí nó do dhaoine óga.

Cuireann seirbhísí ábhartha gníomhaíochtaí ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, ar nós cúram leanaí, scoileanna, ospidéil, ionaid chóiríochta, saoráidí cúraim, comhairleoireacht, spórt, ceol, drámaíocht, ealaín, clubanna nó cláir óige, iompar, grúpaí reiligiúnacha, nó gníomhaíochtaí a bhaineann leis an nGarda Síochána.

## 2.3. An Dlí

Is éard atá san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ná an reachtaíocht ina bhfuil liosta de Sheirbhísí Ábhartha (Sceideal 1). Déantar cur síos ann ar na gníomhaíochtaí agus na seirbhísí nach mór dóibh, de réir an dlí, Ráiteas um Chumhdach Leanaí a bheith acu chun leanaí agus daoine óga a choimeád sábháilte agus cosaint a thabhairt dóibh nuair atá na seirbhísí á n-úsáid acu.

In Alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 cuirtear in iúl do na seirbhísí ábhartha cad ba chóir dóibh a chur i Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Oibríonn ACRCL le seirbhísí ábhartha chun a chinntiú go bhfuil RCL i bhfeidhm acu. Coimeádann ACRCL clár poiblí freisin ina bhfuil liosta de na seirbhísí ábhartha nach bhfuil RCL i bhfeidhm acu.

Éilítear faoin dlí go mbeidh Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint in áit sofheicthe, agus go mbeidh teacht air go héasca má theastaíonn ó dhaoine é a léamh. Déantar é seo chun go mbeidh daoine ar an eolas maidir le RCL Lagus conas a bheidh leanaí agus daoine óga saor ó dhochar nuair atá said sa teirbhís.

## 2.4. Rannpháirtíocht Óige

Tá an ceart ag leanaí agus ag daoine óga páirt a ghlacadh agus tionchar a bheith acu ar na cinntí a théann i bhfeidhm orthu. Aithníonn ACRCL an ceart seo agus d’iarr sé ar dhaoine óga faoin méid atá ar eolas acu maidir le ráitis um chumhdach leanaí ionas gur féidir é sin a chur ar aghaidh chuig seirbhísí ábhartha.

In airteagal 12 de Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh déantar tagairt don cheart atá ag daoine óga a dtuairimí a chur in iúl agus go n-éisteofar leo. Soláthraíonn an Múnla Rannpháirteachais Lundy conair i leith rannpháirteachais do dhaoine óga bunaithe ar chearta ag baint úsáide as na ceithre eilimint seo – spás, guth, lucht éisteacha agus tionchar.




Tá an Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020 (RLGÓ) agus an Straitéis um Rannpháirtíocht Óige 2019-2023 de chuid Tusla bunaithe freisin ar Airteagal 12 agus ar an Múnla Lundy. Dá bharr sin, sa chomhliúchán seo ghlac ACRCL an cur chuige go gcruthófaí spás, guth, lucht éisteacha agus tionchar chun tacú le rannpháirtíocht daoine óga.

## 3.0 Cuspóir

Is í cuspóir an chomhairliúcháin seo ná a fháil amach cad atá ar eolas ag daoine óga faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí. Baineann sé leis an méid feasachta atá ag daoine óga faoi RCLanna ar fud na seirbhísí go léir as a mbaineann daoine óga úsáid. Ní bhaineann sé le haon eagraíocht ná seirbhís faoi leith.


Ba mhaith le ACRCL guthanna daoine óga a chur san áireamh chun Ráitis um Chumhdach Leanaí a fhorbairt agus a úsáid ar bhealach a léiríonn meas ar a gcearta, agus a sholáthraíonn guth, spás, lucht éisteachta agus tionchar. Búnófar aon chomhairle a thugfar do sheirbhísí ábhartha maidir le RCLanna ar an méid atá le rá ag na daoine óga a úsáideann na seirbhísí ábhartha.



## 4.0 Modheolaíocht

Chuir ACRCL tús le tionscadal chun tuairimí daoine óga a lorg. Tógadh roinnt céimeanna le linn 2023 mar ullmhúchán don chomhairliúchán le daoine óga agus cuirtear i láthair iad sa tábla thíos.

| Céimeanna a tógadh | Sonraí |
|---|---|
| **Plean Tionscadail** | |

| | |
|---|---|
|  | Plean tionscadail a chur le chéile chun ceisteanna a chur ar dhaoine óga idir 12 agus 18 bliain d’aois maidir leis an méid atá ar eolas acu faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí. |
| **Oiliúint**<br><br> | Ghlac na daoine a oibríonn in ACRCL páirt in Oiliúint um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga de chuid Tusla chun leideanna a fhoghlaim faoi conas tús a chur leis an tionscadal. |
| **Grúpa Comhairleach**<br> | Iarradh ar dhaoine ó rannóga eile i Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach bheith páirteach i ngrúpa comhairleach don tionscadal. |
| **Eitic Taighde**<br><br> | Labhraíomar le daoine in oifig taighde Tusla faoi cinnte a dhéanamh de go léireofar meas ar chearta dhaoine óga sa tionscadal.<br>Theastaigh ó ACRCL a chinntiú nach ndéanfaí aon dochar do dhaoine óga trí páirt a ghlacadh sa tionscadal seo.<br>Rinneadh pleananna chun daoine óga a choimeád ar an eolas agus sábháilte le linn an chomhairliúcháin. |
| **GCT**<br>**(Grúpa Comhairleach Tusla)** | Thug daoine óga ó GCT (Grúpa Comhairleach Tusla) comhairle ar cheisteanna samplacha a d’fhéadfaí a chur ar dhaoine óga. Chuir ACRCL na tuairimí seo san áireamh agus an suirbhé á dhearadh acu. |

| | |
|---|---|
|  | |
| **Bileoga Eolais**<br> | Scríobhamar bileoga eolais d'eagraíochtaí óige agus do dhaoine óga chun iad a chur ar an eolas faoi ACRCL, faoi chuspóir an chomhairliúcháin agus conas seirbhísí tacaíochta a aimsiú. |
| **Suirbhé Lime**<br>LimeSurvey | Dearadh suirbhé ina raibh seacht gceist ar uirlis ar líne de chuid Lime. |
| **Faisnéisiú le Comhairle Náisiúnta na nÓg**<br>NYCI National Youth Council of Ireland | D'oibríomar le daoine ó Chomhairle Náisiúnta na nÓg chun faisnéisiú a thabhairt d'eagraíochtaí óige agus d'iarramar orthu cuidiú le ACRCL go deonach chun dul i gcomhairle le daoine óga. |
| **Píolótú le Daoine Óga**<br> | Roinneamar cóip den suirbhé agus bileog eolais le grúpa daoine óga agus le hOifigeach Rannpháirtíochta agus Comhpháirtíochta ó Tusla chun é a phíolótú sula gcuirfí i gcrích é.<br><br>Chuir siad aiseolas ar fáil faoin mbileog eolais do dhaoine óga agus faoin méid a bhí sa suirbhé. |

| | |
|---|---|
| | D’éist ACRCL leis an aiseolas sin agus rinne siad athruithe ar an eolas agus ar an suirbhé sular roinneadh le daoine óga é. |
| **Comhpháirtíocht le hEagraíochtaí Óige**<br> | Thairg cúig eagraíocht óige comhoibriú le ACRCL chun an comhairliúchán le daoine óga a éascú.<br><br>Oibríonn na heagraíochtaí seo leis na daoine óga a d’fhreagair ar an suirbhé cheana féin agus tá caidrimh acu leo.<br><br>Thug oibrithe óige tacaíocht do dhaoine óga agus iad ag freagairt ar an suirbhé. Roinn siad eolas a tháinig ó ACRCL agus lorg siad cead ó na daoine óga a bhí ag déanamh an tsuirbhé. |
| **Comhairliúchán don Suirbhé**<br> | Roinn na heagraíochtaí óige seo nasc don suirbhé le daoine óga.<br><br>Bhí an comhairliúchán don suirbhé ar oscailt ar feadh míosa amháin idir Samhain agus Nollaig 2023. |
| **Tuarascáil**<br> | Sa tuarascáil seo, tá taifid de na tuairimí a roinn na daoine óga le linn an chomhairliúcháin.<br><br>Is ar an aiseolas seo a bhunófar an chomhairle a thabharfaidh ACRCL d’eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí agus gníomhaíochtaí do dhaoine óga agus do leanaí maidir le feasacht faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí a ardú. |

| | |
|---|---|
| | Foilseofar an tuarascáil ar leathanach ACRCL ar shuíomh gréasáin de chuid Tusla. |

Rinneadh cinneadh, nuair a bhí cúrsaí eitice á meas, nach ndíreofaí ar dhaoine óga chun go nglacfaidís páirt mar gheall ar na seirbhísí a úsáideann siad. Bhí sé oscailte d'aon duine óg páirt a ghlacadh agus freagairt ar na ceisteanna sa suirbhé.

Mar sin féin, is laige í sa mhodheolaíocht a úsáideadh don chomhairliúchán nach raibh rochtain ar an nasc don suirbhé ach ag daoine óga a raibh baint acu in eagraíochtaí óige, agus a thairg a gcuid tacaíochta don tionscadal.

Ciallaíonn sé seo go bhféadfaí nach léiriú iad na tuairimí sa tuarascáil seo ar thuairimí daoine óga i gcoitinne. Is tuairimí iad ó ghrúpa daoine óga ionadaíoch a bhfuil baint acu le cúig eagraíocht óige ar fud na hÉireann.

## 5.0 Torthaí & Anailís

Roinn oibrithe óige an bhileog eolais chomhairliúcháin agus an nasc suirbhé le daoine óga. D'fhreagair 50 duine óg ar an suirbhé. Bhí seacht gceist sa suirbhé (féach aguisín).

Roinntear na torthaí ó thuairimí na ndaoine óga ar na ceisteanna i míreanna 5.1 agus 5.2 thíos. Scrúdaigh ACRCL na freagairtí seo tá agus anailís déanta againn ar na tuairimí.


Go ginearálta, insíonn na torthaí rudaí éagsúla do ACRCL faoin méid atá ar eolas ag daoine óga faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí. I mír 5.3 roinntear an méid a d'fhoghlaim ACRCL ó thorthaí an chomhairliúcháin.

### 5.1. Freagairtí ar cheisteanna 1 go 6


Tugtar torthaí cainníochtúla freisin ar na freagairtí a tugadh ar cheisteanna 1 go 6. In athbhreithniú a rinneadh ar na freagairtí a tugadh ar na sé cheist seo, d'fhéachamar ar líon na ndaoine óga agus conas a d'fhreagair siad ar gach ceist.

I gCeist 1, iarradh ar dhaoine óga ar chuala siad roimhe seo faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí?

- Chuala 62% d'fhreagróirí faoi RCLanna.
- Níor chuala 18% d'fhreagróirí faoi RCLanna.
- Níl a fhios ag 10% d'fhreagróirí ar chuala siad faoi RCLanna.
- Níl a fhios ag 10% d'fhreagróirí cad is RCL ann.




I gCeist 2 iarradh ar dhaoine óga cén áit ar chuala siad faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí. Tá na freagairtí le feiceáil sa tábla thíos.



**Anailís**

- **Dúirt 62% de na daoine óga a d'fhreagair ar an suirbhé gur chuala siad faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí.**

- **Dúirt 38% de na daoine óga a d'fhreagair ar an suirbhé nár chuala siad faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí nó ní raibh a fhios acu cad is Ráiteas um Chumhdach Leanaí ann.**


- **Is trí chlubanna óige, gníomhaíochtaí seach-churaclaim nó ó bhaill foirne i seirbhísí nó i scoileanna na bealaí is coitianta trína bhfaigheann daoine óga amach RCL.**

- **Insíonn sé seo dúinn go bhfuil mórán daoine óga ann nár chuala faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí nó ní fios dóibh cad is Ráiteas um Chumhdach Leanaí ann.**


- **Insíonn sé dúinn feisin nach bhfuiltear ag labhairt go rialta faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí sna Seirbhísí Ábhartha.**

I gCeist 3 d'iarramar ar dhaoine óga an raibh Ráiteas um Chumhdach Leanaí feicthe acu.

- Dúirt 42% d'fhreagróirí go raibh RCL feicthe acu.
- Dúirt 32% d'fhreagróirí nach raibh RCL feicthe acu.
- Dúirt 20% d'fhreagróirí nach bhfuil siad cinnte an bhfuil RCL feicthe acu.
- Dúirt 6% d'fhreagróirí nach bhuil a fhios acu cad is RCL ann.




I gCeist 4 iarradh ar dhaoine óga cén áit an bhfaca siad Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Seo a leanas sa tábla thíos na freagraí a thugadar.



**Anailís**

- **Dúirt 42% de na daoine óga a d’fhreagair ar an suirbhé go raibh Ráiteas um Chumhdach Leanaí feicthe acu.**


- **Dúirt 58% de na daoine óga a d’fhreagair ar an suirbhé nach raibh Ráiteas um Chumhdach feicthe acu, níl siad cinnte cad is RCL ann nó ní fios dóibh cad is RCL.**

- **Is iad na trí áit is coitianta a bhfuil ina bhfuil RCL feicthe ag daoine óga ná seirbhís, doiciméid a thugtar do dhaoine óga i seirbhís, nó i gclub óige nó nuair a ghlacann siad páirt i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim.**
- **Insíonn sé seo dúinn go bhfuil mórán daoine óga ann nach bhfuil Ráitis um Chumhdach Leanaí feicthe acu nó ní fios dóibh cad í an chuma atá ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí ann.**

- **Insíonn sé dúinn freisin go bhféadfadh sé nach bhfuil ar chumas daoine óga Ráiteas um Chumhdach Leanaí a aithint i Seirbhísí Ábhartha.**

I gCeist a cúig, d’iarramar an raibh a fhios acu cad í an úsáid a bhaintear a Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

- Dúirt 36% d’fhreagróirí nach raibh aon rud ar eolas acu faoi RCL.
- Dúirt 22% d’fhreagróirí go raibh RCL feicthe acu nó gur chuala siad faoi, ach ní raibh a fhios acu dóibh cad í an úsáid a bhaintear as.
- Dúirt 36% d’fhreagróirí go raibh RCL feicthe acu nó gur chuala siad faoi, agus is eol dóibh cad í an úsáid a bhaintear as.
- Dúirt 4% d’fhreagróirí go raibh RCL feicthe acu go minic agus gur chuala siad faoi nuair a bhí siad ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí óige nó i seirbhísí.
- Dúirt 2% d’fhreagróirí gur ghlac siad páirt ghníomhach athbhreithniú a dhéanamh ar RCL nó ceann a fhorbairt.


Feasacht i measc daoine óga maidir leis an úsáid a bhaintear as RCL
1, 2%
2, 4%
18, 36%
18, 36%
11, 22%
I know nothing about Child Safeguarding Statements.
I have heard about or seen a Child Safeguarding Statement, but I am not sure what it is used for.
I have heard about or seen a Child Safeguarding Statement and I know what it is used for.
I have often heard about and seen Child Safeguarding Statements when participating in youth activities or services.
I have actively participated in reviewing or developing a Child Safeguarding Statement in a youth activity or service I am involved in.

**Anailís**


- **Dúirt 58% de na daoine óga a d'fhreagair ar an suirbhé nach bhfuil a fhios acu nó nach bhfuil siad cinnte cad í an úsáid a bhaintear as RCL.**

- **Dúirt 40% de na daoine óga a d'fhreagair ar an suirbhé gur chuala siad go minic faoi RCL nó go bhfuil ceann feicthe acu agus go dtuigeann siad an úsáid a bhaintear as.**
- **Dúirt duine óg amháin (2%) gur ghlac siad páirt ghníomhach in athbhreithniú a dhéanamh ar RCL nó ceann a fhorbairt laistigh de sheirbhís.**

- **Insíonn sé seo dúinn go bhfuil líon ard daoine óga ann nach dtuigeann an úsáid a bhaintear as Ráiteas um Chumhdach Leanaí.**

- **Insíonn sé dúinn freisin nach gnáthrud é do dhaoine óga páirt ghníomhach a ghlacadh in athbhreithniú a dhéanamh ar RCL nó ceann a fhorbairt laistigh de sheirbhísí.**

I gCeist 6, iarradh ar dhaoine óga faoi na cineálacha seirbhísí ábhartha ina nglacann siad páirt. Sa tábla thíos, taispeántar na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí ina nglacann na daoine óga páirt a d'fhreagair ar an suirbhé.



## Anailís

- **Glacann an chuid is mó de na daoine óga a d'fhreagair ar an suirbhé páirt i scoil nó in ionad oideachais, i gcafé nó i gclub óige, agus déanann siad gníomhaíochtaí spóirt nó tá siad páirteach i gclubanna.**

- **Glacann roinnt daoine óga páirt i ngníomhaíochtaí ceoil, drámaíochta nó damhsa; gníomhaíochtaí óige ar líne nó clubanna; gníomhaíochtaí obair bhaile nó iarscoile; gníomhaíochtaí ealaíne nó clubanna; seirbhísí bus nó iompair; Comhairliúcháin faoi rannpháirtíocht óige; Ionad ospidéil nó sláinte; Seirbhísí comhairleoireachta, treorach nó teiripe; Campanna gníomhaíochta; Gníomhaíochtaí óige leis an nGarda Síochána; agus gníomhaíochtaí reiligiúnacha pobail.**

- **Ní raibh aon cheann de na freagróirí ina gcónaí i saoráid chúraim nó chónaithe, ná in ionad cóiríochta.**

- **Insíonn sé seo dúinn gur gnách go mbíonn daoine óga gníomhach i níos mó ná cineál seirbhíse amháin. Mar sin, is iomaí áit ina bhféadfadh daoine óga teacht ar an eolas faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí.**

- **Insíonn na torthaí dúinn freisin nach ndearnadh ionadaíocht ar dhaoine óga i saoráidí cúraim nó cónaithe, ná in ionaid cóiríochta, agus is bearna é sin.**

### 5.2. Freagairtí ar cheist 7.

Tugtar torthaí cáilíochtúla freisin ar na torthaí ó cheist 7. I gceist 7, iarradh ar dhaoine óga a gcuid smaointe a chur in iúl do na daoine a sholáthraíonn gníomhaíochtaí agus seirbhísí óige ionas go mbeidh sé níos éasca do dhaoine óga tuiscint a fháil ar Ráitis um Chumhdach Leanaí.

Roinn 34 duine óg (68% d'fhreagróirí) a gcuid smaointe faoin gceist seo. Rinne ACRCL athbhreithniú orthu agus aithníodh ocht dtéama.

1. RCL a mhíniú do dhaoine óga (10 freagróir)
2. An RCL a chur ar taispeáint (8 freagróir).
3. Labhair le daoine óga faoin RCL (6 freagróir).
4. RCL oiriúnach do dhaoine óga a chruthú (5 freagróir).
5. Roinn an RCL ar na meáin shóisialta (2 freagróir).
6. An RCL a fhorbairt le daoine óga (1 freagróir amháin).
7. Tabhair eolas do thuismitheoirí faoi RCL (1 freagróir amháin).
8. Bí ag faire amach an bhfuil duine óg ag streachailt (1 freagróir amháin).

Féach thíos cad a dúirt na daoine óga faoi na téamaí seo.

## Mínigh an RCL le daoine óga

"Mínigh ar bhealach deas simplí é ionas go dtuigfidh daoine óga é".

"Pé áit ina bhfuil daoine óga, bí cinnte go bhfuil a fhios acu cad atá i gceist le RCL ".

"Taispeáin dóibh é agus mínigh dóibh é"

"Mínigh dóibh é agus bí cinnte go bhfeiceann siad é"

"Tá sé i bhfad róchasta domsa é a thuiscint".

"Cuir i láthair i rith na bliana é do bhaill nua nó chun dul siar air".

"Cuir chun cinn iad ag imeachtaí ina bhfuil daoine óga".

"Feachtas ar fud na tíre, go háirithe in áiteanna ina gcaitheann daoine óga mórán ama ".

"Múin é sa bhunscoil nó sa mheánscoil".

"Inis dóibh cad atá i gceist leis, taispeáin dóibh conas rochtain a fháil air agus é a thuiscint trí fhíseán nó trí oiliúint a chur ar an bhfoireann".

## Cuir an RCL ar taispeáint

"Ní fhaca mé RCL riamh sna trí bliana déag agus naoi mí atáim anseo. Mar sin, b'fhéidir go mba chóir díobh iarracht níos fearr a dhéanamh".

"Ba chóir go mbeadh RCL ar taispeáint i gclubanna nó go mbeidh teacht orthu go héasca ar shuíomh gréasáin na heagraíochta"

"Póstaeir ar crochadh ina mhínítear cad is RCL ann sa phríomhseomra den tseirbhís nó den fhoirgneamh ina bhfuil gníomhaíochtaí ar siúl".

"Cuir ar taispeáint é chun go bhfeicfidh daoine óga é".

"Cuir ar taispeáint é ionas gur féidir liom é a léamh".

"Cuir póstaeir taobh amuigh ionad gur féidir le daoine é a léamh".

"Póstaeir a tharraingeodh aird orthu"

"Cuir ar crochadh iad ar bhallí".

## Labhair le daoine óga faoi RCL

"Inis dúinn faoi".

"Cainteanna dóibh siúd nach bhfuil a fhios acu cad atá i gceist leis".

"Na ráitis a phlé agus gan úsáid a bhaint astu díreach nuair atá gá leis ".

"Is dóigh liom go labhraímid faoi nuair a thosaímid sa tseirbhís, ach ansin déanaimid dearúd faoi ".

"Ba chóir do chlubanna, scoileanna níos mó a insint dúint futhu ionas go mbeimid ar an eolas".

"D'fhéadfaí iad a phlé ar scoil".

## RCL oiriúnacha do dhaoine óga a chruthú

"Cuir i bhformáid pictiúir é le focail atá eásca le tuiscint".

"D'fhéadfaí achoimre den RCL a chur ar taispeáint ina bhfuil teanga atá éasca le tuiscint, dírithe go háirithe ar leanaí".

"Ba chóir go mbeidh sé mealltach agus dathúil, ar bhealach a tharraingaíonn aird na ndaoine óga air, cosúil le greannán".

"Seirbhís a oibríonn le heagraíochtaí chun leagan de RCL atá oiriúnach do leanaí a sholáthar".

"An iomarca focal".

## Roinn an RCL ar na meáin shóisialta

"Cuir fógraí amach ar na meáin shóisialta agus eagraigh cainteanna faoi ar scoil".

"Fógraí go rialta ar na meáin shóisialta mar caitheann daoine óga a lán ama ar shuíomhanna ar nós Instagram, Youtube agus Snapchat".

## Déan forbairt ar RCL in éineacht le daoine óga

"Bheadh leaganacha oiriúnach do dhaoine óga níos inrochtana agus d'fhéadfaí iarraidh ar eagraíochtaí RCL a fhorbairt in éineacht le daoine óga, agus athbhreithniú a dhéanamh air go rialta".

## Tabhair eolas do thuismitheoirí faoi RCL

"Inis do na tuismitheoirí agus inseoidh siadsan do na páistí".

## Bí ar faire amach an bhfuil duine óg ag streachailt

"Tabhair faoi deara an bhfuil athrú diúltach tagtha ar ghnáthamh pháiste agus má fheiceann tú go bhfuil sé ag athrú mar sin, seiceáil go bhfuil gach rud ceart go leor mar ní maith an rud é a bheith ag streachailt gan aon tacaíocht".

**Anailís**

- **Roinn 34 duine óg smaointe faoi conas is féidir leis na daoine a sholáthraíonn seirbhísí agus gníomhaíochtaí óige, é a dhéanamh níos éasca do dhaoine óga tuiscint a fháil ar Ráitis um Chumhdach Leanaí.**
- **Is iad na príomhteachtaireachtaí do na seirbhísí ábhartha ná:**
  - **Mínigh ar bhealach atá sothuigthe do dhaoine óga, an úsáid a bhaintear as RCL agus labhair leo faoi.**
  - **An RCL a chur ar taispeáint ar phóstaeir in áit ina mbeidh daoine óga, agus úsaid a bhaint as na meáin shóisialta.**
  - **RCL a chruthú in éineacht le daoine óga i bhformáidí atá oiriúnach do leanaí agus daoine óga, ag baint úsáide as teanga atá sothuigthe, dathanna, pictiúir agus gan an iomarca focal ann.**

### 5.3. Torthaí don ACRCL ón gcomhairliúchán.

Ba mhaith le ACRCL guthanna daoine óga a chur san áireamh chun Ráitis um Chumhdach Leanaí a fhorbairt agus a úsáid ar bhealach a léiríonn meas ar a gcearta, agus a sholáthraíonn guth, spás, lucht éisteachta agus tionchar. Búnófar aon chomhairle a thugfar do sheirbhísí ábhartha maidir le RCLanna ar an méid atá le rá ag na daoine óga a úsáideann na seirbhísí ábhartha.

Roinn na daoine óga a d'fhreagair ar an suirbhé seo eolas úsáideach maidir leis an méid atá ar eolas ag daoine óga faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí. D'fhoghlaíomar faoin méid atá ar eolas acu faoi RCL, an úsáid a bhaintear as agus rannpháirtíocht na ndaoine óga sin i seirbhís ábhartha amháin nó níos mó.

Sna táblaí thíos, leagtar amach cad é a d'fhoghlaim ACRCL agus cad a dhéanfar leis na torthaí ón suirbhé.

| An méid atá ar eolas ag daoine óga faoi RCLanna. | |
|---|---|
| **Toradh** | **Freagairt** |
| D'fhoghlaimear nach bhfuil gach duine óg ar an eolas maidir le Ráitis um Chumhdach Leanaí.<br><br>Chuala roinnt díobh faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí, ach is léir nach labhraítear mórán futhu sna Seirbhísí Ábhartha.<br><br>Is mó duine óg a chuala faoi RCL ná a bhfuil ceann feicthe acu.<br><br>Mura bhfuil RCL feicthe acu, seans nach n-athnóidh daoine óga Ráiteas um Chumhdach Leanaí sna Seirbhísí Ábhartha.<br><br>Tá sé molta ag daoine óga go mba chóir do na seirbhísí ábhartha RCL a thaispeáint le póstaeir in áiteanna ina bhfuil daoine óga agus trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta. | **Tacú le Ráitis um Chumhdach Leanaí a phlé laistigh de Sheirbhísí Ábhartha mar bhealach chun cuidiú le daoine óga tuiscint a fháil ar RCL.**<br><br>**Tacú le riachtanas an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 a chomhlíonadh trí CSS a chur ar taispeáint in áit fheiceálach.** |

| An fheasacht atá ag daoine óga ar an úsáid a bhaintear as RCL. | |
|---|---|
| **Toradh** | **Freagairt** |
| D’fhoghlaimíomar nach dtuigeann roinnt daoine óga cad í an chuspóir atá taobh thiar de RCL.<br><br>Dúirt daoine óga linn gur mhaith leo níos mó eolais a fháil faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí.<br><br>Mhol siad go míneoidh seirbhísí ábhartha cad is RCL ann, go labhróidh siad leo faoi, ar bhealach atá sothuigthe do dhaoine óga.<br><br>Ní rud coitianta é go nglacann daoine óga páirt ghníomhach in athbhreithniú nó forbairt a dhéanamh ar Ráitis um Chumhdach Leanaí.<br><br>Mhol daoine óga linn freisin gur chóir go gcruthóidh seirbhísí ábhartha RCL a bhaineann úsáid as formáidí atá oiriúnach do leanaí, teanga atá sothuigthe, dathanna, pictiúir agus gan úsáid a bhaint as an iomarca focal. | **Rannpháitíocht daoine óga a chur chun cinn maidir le forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar RCL chun cuidiú leo tuiscint a fháil ar chuspóir RCL.**<br><br>**RCL a chur chun cinn atá oiriúnach do leanaí i bhformáidí atá éasca le tuiscint.** |

| Rannpháirtíocht daoine óga i Seirbhísí Ábhartha | |
|---|---|
| **Toradh** | **Freagairt** |
| D’fhoghlaimíomar gur gnáthrud é go bhfreastalaíonn daoine óga ar níos mó ná cineál seirbhíse ábhartha.<br><br>Tá roinnt áiteanna agus deiseanna ann do dhaoine óga chun eolas a chur ar Ráitis um Chumhdach Leanaí. | **Torthaí an chomhairliúcháin seo a chur in iúl do gach seirbhís ábhartha agus moladh dóibh go gcuirfear i bhfeidhm na moltaí ann.** |

## 6.0 Príomhtheachtaireachtaí do Sheirbhísí Ábhartha

Ba é an cur chuige a glacadh sa tionscadal seo ná díriú ar dhaoine óga agus ar airteagal 12 de Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, ina dtagraítear don cheart atá ag daoine óga a dtuairimí a chur in iúl agus go n-éistfar leo. Soláthraíonn an Múnla Rannpháirteachais Lundy conair i leith rannpháirteachais do dhaoine óga bunaithe ar chearta ag baint úsáide as na ceithre eilimint seo – spás, guth, lucht éisteacha agus tionchar.

Ba mhaith le ACRCL go mbunófar an chomhairle a thugtar do sheirbhísí ábhartha faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí ar thaithí na ndaoine óga a bhaineann úsáid astu. Roinn na daoine óga ceithre phríomhtheachtaireacht linn maidir leis na seirbhísí ábhartha.

1. Feasacht a chothú i measc daoine óga maidir le Ráitis um Chumhdach Leanaí.
2. Labhair le daoine óga faoi RCL agus mínigh an úsáid a bhaintear as.
3. Go mbeidh rochtain ar RCL tríd é a chur ar taispeáint le póstaeir in áiteanna ina mbíonn daoine óga agus trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta.
4. RCL a chruthú in éineacht le daoine óga i bhformáidí, teanga, dathanna, pictiúir atá oiriúnach dóibh agus gan an iomarca focal a úsáid.

É bunaithe ar Mhúnla Lundy um Rannphairtíocht, cruthaíodh spás tríd an suirbhé a chuir ar chumas daoine óga a dtuairimí a roinnt, agus tríd an suirbhé cuireadh guth daoine óga in iúl. Is é ACRCL, de chuid Tusla, an lucht éisteachta a d'éist leis na tuairimí seo. Tá sé mar aidhm ag an tuarascáil agus ag na príomhtheachtaireachtaí istigh ann, tionchar a imirt ar na heagraíochtaí agus ar na daoine a ritheann seirbhísí agus gníomhaíochtaí do leanaí agus do dhaoine óga maidir le feasacht a ardú, dul i gcomhairle leo, agus daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh in úsáid na Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Is í aidhm an Ráitis um Chumhdach Leanaí ná leanaí agus daoine óga a choimeád sábháilte agus saor ó dhochar nuair atá seirbhísí á n-úsáid acu. Buntáiste a eascraíonn as ardú feasachta i measc na ndaoine óga maidir le Ráitis um Chumhdach Leanaí a fhorbairt agus a úsáid ná go mothaíonn daoine óga saor ó dhochar agus iad ag baint úsáide as seirbhísí. Bunaithe ar an méid a bhí le rá ag daoine óga, nuair a shainaithnítear rioscaí agus nósanna imeachta, cuirtear feabhas ar éifeachtacht agus ar thábhacht na gcleachtas a choimeádann leanaí agus daoine óga sábháilte. Cuireann cultúr láidir cosanta, agus cur chuige ránnpháirteachais, leis an muinín atá ag daoine óga agus a dtuismitheoirí sna seirbhísí a úsáideann siad. Bíonn dea-thionchar ag timpeallachtaí sábháilte ar fholláine dhaoine óga agus ar leanaí.

Mar sin, tá sé tábhachtach, mar bheart cosanta, feasacht a ardú i measc daoine óga, dul i gcomhairle leo, agus go mbeidh baint acu le Ráitis um Chumhdach Leanaí sna seirbhísí ábhartha go léir ina mbíonn siad.

## 7.0 Focal scoir

Sa bhliain 2023, chuir ACRCL tús le tionscadal chun dul i gcomhairle le daoine óga 12-18 bliain d’aois chun a fháil amach an bhfuil daoine óga ar an eolas maidir le Ráitis um Chumdach Leanaí. Ba sheans é seo dóibh chun a dtuairimí a chur in iúl faoin méid a bhí ar eolas acu maidir le Ráitis um Chumdach Leanaí i Seirbhísí Ábhartha.

D’fhreagair 50 duine óg ar an suirbhé agus fuarthas tacaíocht ó 5 eagraíocht óige. Sa tuarascáil seo roinntear eolas faoi cad a dúirt daoine óga le ACRCL le linn an chomhairliúcháin.

Is léiriú í an tuarascáil seo ar ghuthanna daoine óga, agus déanann sí moltaí do Sheirbhísí Ábhartha (leagtha síos i Sceideal 1 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015) faoi feasacht a ardú maidir le Ráitis um Chumhdach Leanaí atá bunaithe ar na daoine óga a mbaineann úsáid as na seirbhísí sin. Cuirfidh ACRCL torthaí an chomhairliúcháin seo chun cinn chun tionchar a imirt ar sheirhbísí abhartha agus chun iad a spreagadh na moltaí a chur i bhfeidhm chun timpeallachtaí sábháilte a chruthú leanaí agus do dhaoine óga.

## 8.0 Aguisín: Ábhar an tsuirbhé

### Réamhrá

Comhairliúchán ACRCL Tusla le daoine óga ar an méid atá ar eolas acu faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí.

Fáilte go dtí comhairliúchán ACRCL Tusla le daoine óga ar an méid atá ar eolas acu faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí. Oibrímid le heagraíochtaí agus le daoine a sholáthraíonn seirbhísí agus gníomhaíochtaí do leanaí agus do dhaoine óga. Tacaímid leo chun a chinntiú go gcomhlíonann siad an dlí trí Ráitis um Chumhdach Leanaí a bheith i bhfeidhm acu.

Is doiciméad é Ráiteas um Chumhdach Leanaí, scríofa ag daoine a eagraíonn seirbhísí agus gníomhaíochtaí do leanaí agus do dhaoine óga. Tugtar soláthróirí de sheirbhísí ábhartha ar na daoine seo freisin. Insíonn an Ráiteas um Chumhdach Leanaí cad é a dhéanann seirbhís ábhartha. Insíonn sé dúinn conas atá sé i gceist ag na daoine ann an tseirbhís a dhéanamh sábháilte agus leanaí agus daoine óga a chosaint ó dhochar a d’fhéadfadh teacht ó dhaoine eile nuair atá siad ag baint úsáide as an tseirbhís. Insíonn sé dúinn faoi na rioscaí atá ann ó mhí-úsáid fhisiciúil, mhothúchánach nó ghnéis, bulaíocht nó faillí. Insíonn sé na rudaí a dhéanann an tseirbhís chun cosc a chur ar na cineálacha seo dochair, agus na rudaí a dhéanann siad chun a chinntiú go bhfaighidh leanaí nó daoine óga a fhulaingíonn dochar, an chabhair atá ag teastáil uathu. Tugann sé freisin ainm agus sonraí teagmhála an duine ábhartha ar féidir labhairt leo faoin ráiteas.

**Táimid ag lorg tuairimí daoine óga idir 12 agus 18 bliain d’aois mar ba mhaith linn a fháil amach an bhfuil daoine óga ar an eolas maidir le Ráitis um Chumhdach Leanaí.**

Ba mhaith linn a fháil amach faoin méid atá ar eolas ag daoine óga faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí sna seirbhísí no gníomhaíochtaí ina bhfuil siad páirteach. Tugtar seirbhísí ábhartha orthu seo freisin. Seo a leanas samplaí de na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí - scoileanna, ospidéil, ionaid chóiríochta, saoráidí cúraim, comhairleoireacht, spórt, ceol, drámaíocht, ealaín, clubanna nó cláir óige, iompar, grúpaí reiligiúnacha, nó gníomhaíochtaí a bhaineann leis an nGarda Síochána. Ba mhaith linn é seo a fháil amach ionas go mbeidh an chomhairle a thugaimid do sheirbhísí ábhartha faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí

bunaithe ar an méid atá le rá ag na daoine óga a mbaineann úsáid as na seirbhísí sin.

Tá 7 gceist sa suirbhé seo.

**Polasaí sonraí**

Léigh an bhileog eolais, le do thoil – ba chóir go mbeidh sé agat cheana féin. Cabhróidh an bhileog eolais seo leat d'intinn a dhéanamh suas an dteastaíonn uait an suirbhé a chomhlánú. Mura bhfuil an bhileog eolais faighte agat, iarr ar an duine a thug an nasc seo duit é a thabhairt duit.

Léigh an t-eolas a leanas faoi conas a chosnóimid do shonraí agus cad a dhéanfaimid leis an fhaisnéis a thugann tú dúinn:

- Ní iarrfar ort d'ainm ná aon fhaisnéis phearsanta a roinnt.
- Ní bheidh céannacht ná suíomh na bhfreagróirí óga ar eolas ag ACRCL.
- Beidh d'fhreagraí go léir faoi rún, agus ní iarrfar ort aon eagraíocht ná seirbhís ábhartha a bhfuil baint agat léi, a ainmniú ná tuairimí a roinnt futhi.
- Tabharfar cóip anaithnid de na freagairtí ar an suirbhé do ACRCL.
- Déanfaimid athbhreithniú ar na freagairtí go léir agus déanfaimid iad a thaifeadadh i dtuarascáil faoin méid atá ar eolas ag daoine óga faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí.
- Ón dtuarascáil, gheobhaidh ACRCL agus na seirbhísí ábhartha eolas faoin méid atá ar eolas ag daoine óga faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí.
- Foilseofar an tuarascáil ar leathanach de chuid ACRCL ar shuíomh gréasáin Tusla.
- Nuair a fhoilseofar an tuarascáil, scriosfaidh ACRCL gach cóip de na freagairtí a tugadh ar an suirbhé.

Má aontaíonn tú páirt a ghlacadh sa suirbhé seo, deimhníonn tú go bhfuil na ráitis a leanas léite agat agus to n-aontaíonn tú leo:

- Táim idir 12 agus 18 bliain d'aois.
- Tá an réamhrá don suirbhé seo léite agus tuigthe agam.
- Tá a fhios agam gur ar bhonn deonach atáim ag glacadh páirte.
- Tá a fhios agam gur ar bhonn anaithnid atáim ag glacadh páirte, agus nach ndéanfar m'ainm ná mo shuíomh a thaifeadadh.

- Tá a fhios agam gur féidir liom éirí as ag am ar bith, agus ní dhéanfar mo fhreagraí a thaifeadadh mura gcríochnaím an suirbhé.
- Táim sásta freagairt ar seacht gceist sa suirbhé a bhaineann le Ráitis um Chumhdach Leanaí.

**Na Ceisteanna sa Suirbhé**

1. **Ar chuala tú riamh faoi Ráiteas um Chumhdach Leanaí?** *

Ná roghnaigh ach **ceann amháin** de na ráitis a leanas:

- Chuala mé faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí.
- Níor chuala mé faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí.
- Níl mé cinnte ar chuala mé faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí.
- Níl a fhios agam cad is Ráiteas um Chumhdach Leanaí ann.

2. **Más amhlaidh gur chuala tú faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí, inis dúinn conas ar chuala tú futhu.**

*Mura chuala tú faoi Ráiteas um Chumhdach Leanaí, bog ar aghaidh go dtí ceist 3.

Roghnaich **gach ceann** a bhaineann le hábhar.

- Chuala mé faoi ó bhall foirne sa tseirbhís as a mbainim úsáid.
- Chuala mé faoi ar na meáin shóisialta.
- D’inis mo thuismitheoir nó mo chaomhnóir dom faoi.
- D’inis mo chara nó duine óg eile dom faoi.
- Chuala mé faoi ar scoil.
- Chuala mé faoi i saoráid chúraim.
- Chuala mé faoi i gclub óige nó club gníomhaíochta seach-churaclaim.
- Chuala mé faoi sa tseirbhís teiripe as a mbainim úsáid.
- Eile:

**3. An bhfaca tú riamh Ráiteas um Chumhdach Leanaí?** *
Ná roghnaigh ach **cean amháin** de na ráitis a leanas:

- Tá Ráiteas um Chumhdach Leanaí feicthe agam.
- Níl Ráiteas um Chumhdach Leanaí feicthe agam.
- Níl mé cinnte an bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí feicthe agam.
- Níl a fhios agam cad is Ráiteas um Chumhdach Leanaí ann.

**4. Más amhlaidh go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí feicthe agat, inis dúinn cén áit an bhfaca tú é.**

*Mura bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí feicthe agat, bog ar aghaidh go dtí ceist 5.

Roghnaich **gach ceann** a bhaineann le hábhar.

- Chonaic mé é sa tseirbhís as a mbainim úsáid.
- Léigh mé faoi i ndoiciméid a tugadh dom sa tseirbhís as a mbainim úsáid.
- Chonaic mé é ar shuíomh gréasáin nó sna meáin shóisialta.
- Thaispeáin mo thuismitheoir nó mo chaomhnóir dom é.
- Thaispeáin mo chara nó duine óg eile dom é.
- Chonaic mé ar scoil é.
- Chonaic mé i saoráid chúraim é.
- Chonaic mé i gclub óige é nó i gclub ina ndéanaim gníomhaíocht sheach-churaclaim.
- Chonaic mé é i seirbhís teiripe as a mbainim úsáid.
- Eile:

**5. An bhfuil a fhios agat cad chuige a úsáidtear Ráiteas um chumhdach Leanaí?**
Roghnaigh **ceann amháin**, le do thoil:

- Níl aon rud ar eolas agam faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí.
- Tá Ráiteas um Chumhdach Leanaí feicthe agam nó chuala mé trácht air, ach níl a fhios agam cad chuige a úsáidtear é.

- Tá Ráiteas um Chumhdach Leanaí feicthe agam nó chuala mé trácht air agus is eol dom cad chuige a úsáidtear é.
- Chuala mé go minic faoi Ráitis um Chumhdach Leanaí agus chonaic mé iad nuair a bhí mé ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí nó i seirbhísí óige.
- Ghlac mé páirt ghníomhach in athbhreithniú nó forbairt a dhéanamh ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí i seirbhís nó i ngníomhaíocht óige.

**6. An nglacann tú páirt in aon cheann de na gníomhaíochtaí nó na seirbhísí óige a leanas do leanaí agus do dhaoine óga ar a dtugtar seirbhísí ábhartha?**

***** Cuir tic in aice leis na gníomhaíochtaí nó seirbhísí óige ina nglacann tú páirt. Is féidir níos mó ná ceann amháin a roghnú.

Roghnaigh **gach ceann** a bhaineann le hábhar:

- Scoil nó ionad oideachais
- Ionad cónaithe nó cóiríochta
- Saoráid chúraim
- Ospidéal nó ionad sláinte
- Seirbhísí comhairleoireachta, treorach nó teiripe
- Gníomhaíocht spóirt nó clubanna spóirt
- Ceol, drámaíocht, damhsa nó clubanna
- Gníomhaíochtaí ealaíne nó clubanna
- Gníomhaíochtaí óige nó clubanna ar líne
- Café óige nó clubanna
- Campanna gníomhaíochta
- Gníomhaíochtaí obair bhaile nó iarscoile
- Seirbhísí bus nó iompair chuig an scoil nó chuig gníomhaíochtaí óige
- Comhairliúcháin faoi rannpháirtíocht óige
- Gníomhaíochtaí reiligiúnacha pobail

- Gníomhaíochtaí óige leis an nGarda Síochána

7. **An bhféadfá smaointe a thabhairt dúinn le haghaidh na daoine a sholáthraíonn gníomhaíochtaí agus seirbhísí óige, ionas gur féidir leo é a dhéanamh níos éasca do leanaí agus do dhaoine óga tuiscint a fháil ar Ráitis um Chumhdach Leanaí?**

Scríobh d'fhreagra anseo, le do thoil:

**Focal scoir**

Go raibh maith agat as do thuairimí maidir le Ráitis um Chumhdach Leanaí a roinnt le ACRCL.

Má tá tú buartha nó má tá imní ort tar éis páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán seo, téigh i dteagmháil leis na seirbhísí seo chun tacaíocht a fháil.

- Is suíomh gréasáin é do dhaoine óga An Todhchaí a Athrú ina bhfuil eolas cabhrach le fáil. Má tá tú buartha nó má tá cabhair ag teastáil uait, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Tusla tríd an suíomh gréasáin sin anseo.

- Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Tusla ar 0818 776 315 Luan go hAoine 9am - 5pm.

- Déan teagmháil leis an nGarda Síochána lasmuigh de na huaireanta seo nó i gcás éigeandála ar 112 nó 999.

- Tá nascanna le haghaidh seirbhísí tacaíochta eile do dhaoine óga le fáil anseo freisin.

Go raibh maith agat as an suirbhé seo a chomhlánú.